Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 32 I

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

4 Feabhra 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/250 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/251 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** 4

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/252 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** 11

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/250 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/252 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ([2]).

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 6 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1909 ([4]), lenar tugadh isteach díolúine ón toirmeasc ar mhuiriompar a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a iompar de mhuir chuig tríú tíortha, is é sin amhola nó táirgí peitriliam arna gceannach de réir caidhp phraghais réamhshocraithe arna comhaontú ag Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais, nó faoi bhun na caidhpe praghais sin. Tá sé beartaithe leis an díolúine sin na drochiarmhairtí ar sholáthar fuinnimh chuig tríú tíortha a mhaolú agus géarmhéadú na bpraghsanna de bharr dálaí urghnácha sa mhargadh a laghdú, agus ioncam ola na Rúise a theorannú san am céanna.

(4) An 3 Nollaig 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2369 ([5]), lenar socraíodh caidhp phraghais le haghaidh amhola, is é sin praghas in aghaidh an bhairille ag a bhfuil nó faoina bhfuil amhola ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar na hamhola sin chuig tríú tíortha a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann le muiriompar na hamhola sin chuig tríú tíortha, a sholáthar.

([1]) IO L 32 I, 4.2.2023.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 259I, 6.10.2022, lch. 122).

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 311I, 3.12.2022, lch. 8).

(5) An 4 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/252. Leis an gCinneadh sin, socraítear dhá chaidhp phraghais breise ar tháirgí peitriliam, is é sin an praghas in aghaidh an bhairille ar a bhfuil nó faoina bhun atá táirgí peitriliam ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar na dtáirgí sin chuig tríú tíortha, a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann le muiriompar na dtáirgí sin chuig tríú tíortha, a sholáthar; ceann amháin le haghaidh táirgí peitriliam a thrádáiltear agus amhola ar lascaine ("lascaine ar amhola") agus an dara ceann le haghaidh táirgí peitriliam a thrádáiltear agus amhola ar biseach ("amhola ar biseach").

(6) Le Cinneadh (CBES) 2023/252 tugtar isteach idirthréimhse 55 lá le haghaidh soithí a bhfuil táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise á n-iompar acu, is é sin táirgí peitriliam a cheannaítear agus a luchtaítear ar an soitheach roimh an 5 Feabhra 2023 agus a díluchtaíodh roimh an 1 Aibreán 2023.

(7) Le Cinneadh (CBES) 2022/2369, tugadh isteach athbhreithniú rialta ar shásra na caidhpe praghais. Ó lár mhí an Mhárta 2023 ar aghaidh, ba cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar shonraí oibiachtúla arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún don Chomhairle gach 2 mhí. Ba cheart a áireamh sna sonraí sin faisnéis maidir le leibhéal phraghsanna na hamhola agus na dtáirgí peitriliam scagtha, éagsúlachtaí le linn tréimhse an athbhreithnithe agus réamhaisnéisí réasúnacha ar na praghsanna sa tréimhse dár gcionn. Áireoidh an Coimisiún sonraí ábhartha leis freisin maidir leis an tionchar ionchasach ar bhuiséad na Rúise, ar an earnáil fuinnimh agus ar na Ballstáit.

(8) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 3n de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(1) i mír 6, cuirtear an phointe seo a leanas leis:

"(e) ón 5 Feabhra 2023, maidir le táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis agus a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII, a luchtaítear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Feabhra 2023 agus a dhíluchtaítear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 1 Aibreán 2023.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

"11. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XXV111 mar aon leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, faoi lár mhí an Mhárta 2023 agus gach 2 mhí ina dhiaidh sin.

Leis an athbhreithniú, cuirfear san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a meastar a bheidh aige, a chur chun feidhme, comhlíonadh idirnáisiúnta shásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Freagróidh sé ar fhorbairtí sa mhargadh, lena n-áirítear aon suaitheadh a d'fhéadfadh tarlú.

Chun cuspóirí na caidhpe praghais a bhaint amach, lena n-áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, beidh an chaidhp phraghais 5 % ar a laghad faoi bhun mheánphraghas an mhargaidh do tháirgí ola agus peitriliam de chuid na Rúise, arna ríomh ar bhonn sonraí arna soláthar ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/251 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, agus Airteagal 7a go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle. ([2])

(3) Le Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle ([3]) tugadh isteach díolúine ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a iompar chuig tríú tíortha, is é sin amhola nó táirgí peitriliam arna gceannach de réir caidhp phraghais réamhshocraithe arna gcomhaontú ag an gComhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais, nó faoi bhun na caidhpe praghais sin. Ba cheart, leis an díolúine sin, na drochiarmhairtí ar sholáthar fuinnimh chuig tríú tíortha a mhaolú agus géarmhéadú na bpraghsanna de bharr dálaí urghnácha sa mhargadh a theorannú, agus ioncam ola na Rúise a theorannú ag an am céanna.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle ([4]) an 3 Nollaig 2022 tugadh isteach caidhp phraghais ina Iarscríbhinn XI, is é sin an praghas in aghaidh an bhairille ar a bhfuil nó faoina bhun atá amhola ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann leis an muiriompar chuig tríú tíortha, a sholáthar.

(5) An 4 Feabhra 2023 le Cinneadh (CBES) 2023/252 ón gComhairle ([5]) leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES chun dhá chaidhp phraghais bhreise ar tháirgí peitriliam a thabhairt isteach ina Iarscríbhinn XI, ceann amháin le haghaidh táirgí peitriliam a thrádáiltear agus amhola ar lascaine ("amhola ar lascaine") agus an dara ceann le haghaidh táirgí peitriliam a thrádáiltear agus amhola ar biseach ("ola phréimhe go hamhola"), is é sin an praghas in aghaidh an bhairille ar a bhfuil nó faoina bhun atá táirgí peitriliam ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann leis an muiriompar chuig tríú tíortha, a sholáthar.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 259 I, 6.10.2022, lch.122).

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíochobhsú staid na hÚcráine (IO L 311 I, 3.12.2022, lch. 8).

([5]) Cinneadh (CBES) 2023/252 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 32 I, 4.2.2023, lch. 11).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle mar a leanas:

(1) scriostar an téacs seo a leanas:

"[tábla le cóid AC na dtáirgí agus praghsanna comhfhreagracha mar a chomhaontaigh Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais]"

(2) cuirtear an fotheideal seo a leanas leis an tábla:

"Praghas ar amhola"

(3) cuirtear an fotheideal agus an tábla seo a leanas léi:

"**Praghsanna ar tháirgí peitriliam**

Cód AC	Tuairisc	Amhola ar biseach/ Amhola ar lascaine	Praghas in aghaidh an bhairille (USD)	Dáta cur i bhfeidhm
	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha) agus ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ar olaí peitriliam nó olaí iad a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha 70 % nó níos mó, de réir meáchain, dá bhfuil iontu, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, seachas olaí ina bhfuil bithdhíosal agus seachas olaí dramhaíola eile			
2710 12	Olaí éadroma agus ullmhóidí			
2710 12 11	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 12 15	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fo-cheannteideal 2710 12 11	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile Biotáillí speisialta			
2710 12 21	Biotáille bhán	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 12 25	Eile	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Eile Biotáille mótair			
2710 12 31	Biotáille eitlíochta	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Eile, ina bhfuil cion luaidhe Nach mó ná 0,013 g in aghaidh an lítir			

2710 12 41	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) ar lú ná 95	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 45	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) 95 nó níos mó, ach ar lú ná 98 í	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 49	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) 98 nó níos mó	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 50	Is mó ná 0,013 g in aghaidh an lítir	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 70	Scaird-bhreosla de chineál biotáille	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 90	Olaí éadroma eile	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19	Eile			
	Meánolaí			
2710 19 11	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 15	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fo-cheannteideal 2710 19 11	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile Ceirisín			
2710 19 21	Scaird-bhreosla	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 25	Eile	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 29	Eile	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí troma Gás-olaí			

2710 19 31	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 35	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fo-cheannteideal 2710 19 31	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			
2710 19 43	ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,001 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 46	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,001 % de réir meáchain ach nach mó ná 0,002 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 47	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,002 % de réir meáchain ach nach mó ná 0,1 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 48	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,1 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí breosla			
2710 19 51	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 55	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fo-cheannteideal 2710 19 51	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			
2710 19 62	ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,1 % de réir meáchain	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 66	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,1 % de réir meáchain ach nach mó ná 0,5 % de réir meáchain	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 67	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,5 % de réir meáchain	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Olaí bealaithe; olaí eile			
2710 19 71	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023

2710 19 75	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fo-cheannteideal 2710 19 71	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			
2710 19 81	Olaí mótair, olaí bealaithe comhbhrúiteora, olaí bealaithe tuirbín	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 83	Olaí hiodrálacha	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 85	Olaí bána, pairifín leachtach	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 87	Olaí giaranna	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 91	Comhdhúile miotalóireachta, olaí scaoilte múnla, olaí frithchreimthe	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 93	Olaí inslithe leictrigh	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 99	Olaí bealaithe eile agus olaí eile	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha) agus ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ar olaí peitriliam nó olaí iad a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha 70 % nó níos mó, de réir meáchain, dá bhfuil iontu, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, ina bhfuil bithdhíosal, seachas olaí dramhaíola			
	Gás-olaí			
2710 20 11	ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,001 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
2710 20 16	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,001 % de réir meáchain ach nach mó ná 0,1 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023

2710 20 19	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,1 % de réir meáchain	Amhola ar biseach	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí breosla			
2710 20 32	ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,5% de réir meáchain	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20 38	ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0,5 % de réir meáchain	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20 90	Olaí eile	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
	Dramh-olaí			
2710 91	ina bhfuil défheinilí polaclóirínithe (PCBanna), trífheinilí polaclóirínithe (PCTanna) nó défheinilí polabróimínithe (PBBanna)	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023
2710 99	Eile	Amhola ar lascaine	45	an 5 Feabhra 2023”

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/252 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Feabhra 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1909 ([2]), lenar tugadh isteach díolúine ón toirmeasc ar mhuiriompar a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a iompar de mhuir chuig tríú tíortha, is é sin amhola nó táirgí peitriliam arna gceannach de réir caidhp phraghais réamhshocraithe arna comhaontú ag Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais, nó faoi bhun na caidhpe praghais sin. Tá sé beartaithe, leis an díolúine sin, na drochiarmhairtí ar sholáthar fuinnimh chuig tríú tíortha a mhaolú agus géarmhéadú na bpraghsanna de bharr dálaí urghnácha sa mhargadh a laghdú, agus ioncam ola na Rúise a theorannú san am céanna.

(4) An 3 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2369 ([3]), lenar socraíodh caidhp phraghais le haghaidh amhola, is é sin praghas in aghaidh an bhairille ag a bhfuil nó faoina bhfuil amhola ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar na hamhola sin a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann le muiriompar na hamhola sin chuig tríú tíortha, a sholáthar.

(5) I bhfianaise na staide, agus éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo, a mhéid a chloífear go hidirnáisiúnta le sásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil a dhéanfar leis, mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit á gcur san áireamh, is iomchuí dhá chaidhp phraghais breise ar tháirgí peitriliam a thabhairt isteach; is é sin an praghas in aghaidh an bhairille ag a bhfuil nó faoina bhfuil táirgí peitriliam ón Rúis díolmhaithe ón toirmeasc ar mhuiriompar na dtáirgí sin chuig tríú tíortha a sholáthar agus ón toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, a bhaineann le muiriompar na dtáirgí sin chuig tríú tíortha. Go háirithe, is iomchuí caidhp phraghais amháin a thabhairt isteach i gcás táirgí peitriliam arna dtrádáil agus amhola ar lascaine ("lascaine ar amhola") agus caidhp phraghais eile ar tháirgí peitriliam arna dtrádáil agus amhola ar biseach ("biseach ar amhola").

(6) Is iomchuí freisin idirthréimhse 55 lá a thabhairt isteach le haghaidh soithí a bhfuil táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise á n-iompar acu, is é sin táirgí peitriliam a cheannaítear agus a luchtaítear ar an soitheach roimh an 5 Feabhra 2023 agus a díluchtaítear roimh an 1 Aibreán 2023.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 259I, 6.10.2022, lch. 122).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 311I, 3.12.2022, lch. 8).

(7) Le Cinneadh (CBES) 2022/2369, tugadh isteach athbhreithniú rialta ar shásra na caidhpe praghais. Ó lár mhí an Mhárta 2023 ar aghaidh, ba cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar shonraí oibiachtúla arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún don Chomhairle gach 2 mhí. Ba cheart a áireamh sna sonraí sin faisnéis maidir le leibhéal phraghsanna na hamhola agus na dtáirgí peitriliam scagtha, éagsúlachtaí le linn tréimhse an athbhreithnithe agus réamhaisnéisí réasúnacha ar na praghsanna sa tréimhse dár gcionn. Áireoidh an Coimisiún sonraí ábhartha leis freisin maidir leis an tionchar ionchasach ar bhuiséad na Rúise, ar an earnáil fuinnimh agus ar na Ballstáit. Bunaithe ar na sonraí sin, ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 4p(12) de Chinneadh 2014/512/CBES agus ar an ngealltanas a tugadh chun an chaidhp phraghais a choigeartú mar a leagtar síos san airteagal sin, tíolacfaidh an tArdionadaí, le tacaíocht ón gCoimisiún, na tograí is gá.

(8) Is iomchuí freisin leasuithe teicniúla áirithe a dhéanamh.

(9) Ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4o mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Maidir le hamhola nó táirgí peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó más ón Rúis a onnmhairítear iad.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de mhír 3:

"(c) maidir le ceannach, allmhairiú nó aistriú amhola mhuiriompartha agus táirgí peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ón 5 Nollaig 2022, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire údarú a thabhairt, suas go dtí an 31 Nollaig 2024, d'fhorghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, chun amhola mhuiriompartha agus táirgí peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Ní bhainfidh na toirmisc i mír 1 le ceannacháin amhola nó táirgí peitriliam sa Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar earraí iad a bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais an cheannaitheora sa Rúis nó ar bhunriachtanais tionscadal daonchairdiúil sa Rúis.";

(2) leasaítear Airteagal 4p mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, a thrádáil, bróicéireacht a dhéanamh ina leith nó a iompar chuig tríú tíortha, lena n-áirítear aistrithe ó long go long, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.";

(b) i míreanna 4 agus 5, cuirtear "Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo" in ionad "Iarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4:

(a) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, agus ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, maidir le táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710, ar táirgí de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, ar choinníoll nach mó praghas ceannaigh na dtáirgí sin in aghaidh an bhairille ná na praghsanna a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(b) maidir le hamhola nó táirgí peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo i gcás inar de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;

(c) iompar na dtáirgí a luaitear in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin chuig na tríú tíortha a luaitear ann, ar feadh na tréimhse a shonraítear san Iarscríbhinn sin;

(d) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, ar de thionscnamh na Rúise í nó a onnmhairíodh ón Rúis a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo agus a luchtaítear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Nollaig 2022 agus a dhíluchtaítear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 19 Eanáir 2023;

(e) ón 5 Feabhra 2023, maidir le táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis agus a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo, a luchtaítear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Feabhra 2023 agus a dhíluchtaítear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 1 Aibreán 2023.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

"12. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XI mar aon leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, faoi lár mhí an Mhárta 2023 agus gach 2 mhí ina dhiaidh sin.

Leis an athbhreithniú, cuirfear san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a meastar a bheidh aige, a chur chun feidhme, comhlíonadh idirnáisiúnta shásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Freagróidh sé ar fhorbairtí sa mhargadh, lena n-áirítear aon suaitheadh a d'fhéadfadh tarlú.

Chun cuspóirí na caidhpe praghais a bhaint amach, lena n-áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, beidh an chaidhp phraghais 5 % ar a laghad faoi bhun mheánphraghas an mhargaidh do tháirgí ola agus peitriliam de chuid na Rúise, arna ríomh ar bhonn sonraí arna soláthar ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh.";

(3) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) cuirtear an fotheideal seo a leanas in ionad "[tábla ina bhfuil cóid AC na dtáirgí agus praghsanna comhfhreagracha arna gcomhaontú ag an gComhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais]":

"Praghsanna ar amhola";

(b) cuirtear an fotheideal agus an tábla seo a leanas leis:

"**Praghsanna ar tháirgí peitriliam**

Cód AC	Tuairisc	Biseach ar amhola/ Lascaine ar amhola	Praghas in aghaidh an bhairille (USD)	Dáta cur i bhfeidhm
	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas amholaí) agus ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitriliam nó d'olaí a fhaightear ó mhianraí bhiotúmanacha, ós iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, seachas na holaí sin ina bhfuil bithdhíosal agus olaí dramhaíola eile			
2710 12	Olaí éadroma agus ullmhóidí			
2710 12 11	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 12 15	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fotheideal 2710 12 11	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile Biotáillí speisialta			
2710 12 21	Biotáille bhán	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 12 25	Eile	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Eile Biotáille mhótair			
2710 12 31	Biotáille eitlíochta	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023

	Eile, ina bhfuil luaidhe Nach mó ná 0,013 g in aghaidh an lítir			
2710 12 41	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) ar lú ná 95 í	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 45	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) nach lú ná 95 í ach ar lú ná 98 í	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 49	Ag a bhfuil uimhir ochtáin (RON) nach lú ná 98 í	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 50	Níos mó ná 0,013 g in aghaidh an lítir	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 70	Scaird-bhreosla de chineál biotáille	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 12 90	Olaí éadroma eile	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19	Eile			
	Meánolaí			
2710 19 11	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 15	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fotheideal 2710 19 11	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
	Chun críocha eile Ceirisín			
2710 19 21	Scaird-bhreosla	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 25	Eile	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 29	Eile	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí troma Olaí gáis			
2710 19 31	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 35	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fotheideal 2710 19 31	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			

2710 19 43	Ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,001 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 46	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,001 % é de réir meáchain ach nach mó ná 0,002 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 47	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,002 % é de réir meáchain ach nach mó ná 0,1 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 48	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,1 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí breosla			
2710 19 51	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 55	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fotheideal 2710 19 51	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			
2710 19 62	Ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,1 % é de réir meáchain	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 66	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,1 % é de réir meáchain ach nach mó ná 0,5 % é de réir meáchain	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 67	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,5 % é de réir meáchain	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Olaí bealaithe; olaí eile			
2710 19 71	Chun dul faoi phróiseas sonrach	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 19 75	Chun dul faoi thrasfhoirmiú ceimiceach trí phróiseas seachas na próisis sin atá sonraithe i ndáil le fotheideal 2710 19 71	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Chun críoch eile			
2710 19 81	Olaí mótair, olaí bealaithe comhbhrúiteora, olaí bealaithe tuirbín	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 83	Olaí hiodrálacha	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023

2710 19 85	Olaí bána, pairifín leachtach	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 87	Olaí giaranna	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 91	Comhdhúile miotalóireachta, olaí scaoilte múnla, olaí frithchreimthe	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 93	Olaí inslithe leictrigh	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 19 99	Olaí bealaithe eile agus olaí eile	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas amholaí) agus ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitriliam nó d'olaí a fhaightear ó mhianraí bhiotúmanacha, ós iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, ina bhfuil bithdhíosal, seachas olaí dramhaíola eile			
	Olaí gáis			
2710 20 11	Ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,001 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 20 16	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,001 % é de réir meáchain ach nach mó ná 0,1 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
2710 20 19	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,1 % é de réir meáchain	Biseach ar amhola	100	an 5 Feabhra 2023
	Olaí breosla			
2710 20 32	Ina bhfuil cion sulfair nach mó ná 0,5 % é de réir meáchain	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20 38	Ina bhfuil cion sulfair ar mó ná 0,5 % é de réir meáchain	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 20 90	Olaí eile	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
	Olaí dramhaíola			
2710 91	A bhfuil défheinil pholaclóirínithe (PCBanna), trífheinil pholaclóirínithe (PCTanna) nó défheinil pholabróimínithe (PBBanna) iontu	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023
2710 99	Eile	Lascaine ar amhola	45	an 5 Feabhra 2023"

(2) cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas leis:

"IARSCRÍBHINN XIII

Liosta na dtáirgí amhola agus peitriliam dá dtagraítear in Airteagail 4o agus 4p

Cód AC	Tuairisc
ex 2709 00	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas comhdhlútháin gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas amholaí; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitriliam nó d'olaí a fhaightear ó mhianraí bhiotúmanacha, ós iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí; olaí dramhaíola"

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA